

SCRÚDUIMHIR Iomlán na
Marcanna**Coimisiún na Scrúduithe Stáit****SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009****GAEILGE (ARDLEIBHÉAL)****CLUASTUISCINT (100 marc)****DÉARDAOIN, 4 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 2.30**

DON SCRÚDAITHEOIR													
CUID	A			B			C			D			
CEIST	1	2	3	1	2	3	1	2	3	1	2	3	IOMLÁN
MARC													
												GAEILGE →	
												Iomlán na Marcanna →	

STAMPA AN IONaid

CUID A

Cloisfidh tú giota cainte ó gach duine de *thriúr* daoine óga sa chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh *trí huair*. Beidh sos tar éis gach casaidh chun deis a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach giota cainte a fhreagairt. Éist go cúramach leis na giotaí cainte agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1**, **2** agus **3** thíos.

1. AN CHÉAD CHAINTEOIR

Ainm	<i>Peadar de Búrca</i>
Cá bhfuil Peadar ina chónaí?	
Cén post atá aige?	
Conas a théann sé ag obair?	
Cad a dhéanann Peadar ag am lóin?	
Cén caitheamh aimsire atá aige?	

2. AN DARA CAINTEOIR

Ainm	<i>Áine Ní Mhurchú</i>
Cad as d'Áine?	
Breac síos dhá phointe eolais i dtaobh a tuismitheoirí.	(i)
	(ii)
Cad iad an dá chluiche a thaitníonn le hÁine?	(i)
	(ii)

3. AN TRÍÚ CAINTEOIR

Ainm	<i>Seán Ó Mainnín</i>
Cár rugadh máthair Sheáin?	
Cad a dhéanann Seán agus a athair le chéile uaireanta?	
Luaigh pointe eolais amháin eile faoi mhuintir Sheáin.	
Cén post ba mhaith le Seán amach anseo?	

CUID B

Cloisfidh tú *trí* fhógra sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh *faoi dhó*. Beidh sos tar éis gach casaidh chun deis a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach fógra a fhreagairt. Éist go cúramach leis na fógraí agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo.

FÓGRA A hAON

1. Cad atá le teacht go Cill Airne?

2. Conas a mhothaíonn Muiris Ó Súilleabháin faoin monarcha nua?

3. Cén fáth a bhfuil lucht turasóireachta buartha faoin monarcha nua?

FÓGRA A DÓ

1. Cén áit a bhfuil an bád canála ar díol?

2. Cé mhéad a chosnóidh sé an bád canála a dheisiú?

3. Tá spéis ag Comhairle Bhaile Cheatharlach an bád canála a cheannach. Cén fáth?

FÓGRA A TRÍ

1. Cén eachtra a tharla i mBéal an Átha Tanaí a bhfuil na Gardaí ag lorg eolais faoi?

2. Cén comórtas atá luaite sa phíosa?

3. Cé a ghoid na boscaí bláthanna, dar leis na Gardaí?

CUID C

Cloisfidh tú *trí cinn* de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh *trí huair*. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina **dhá mhír**. Beidh sos tar éis gach míre díobh chun deis a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cén fáth ar maith le Dónall an seomra?

An Dara Mír

2. Luaigh pointe **amháin** eolais faoi dheirfiúr Dhónaill.

3. Cén clár teilifíse a luaitear sa phíosa?

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cá raibh Siobhán ar a laethanta saoire?

2. Conas a bhí an bia san ionad saoire?

An Dara Mír

3. Cé a bheidh ag teacht go hÉirinn go luath?

COMHRÁ A TRÍ

An Chéad Mhír

1. Cén dea-scéal a bhí ag Deirdre?

An Dara Mír

2. Cén fáth nach gceannaíonn Séamas ticéad don Chrannchur Náisiúnta?

3. Cén chomhairle a chuireann Séamas ar Dheirdre?

CUID D

Cloisfidh tú *trí cinn* de phíosaí ón raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh *faoi dhó*. Éist go cúramach leo agus freagair na ceisteanna a ghabhann le gach píosa díobh.

PÍOSA A HAON

1. Cá dtógfar Iarbhunscoil Eoin?

2. Luaigh rud **amháin** eile faoi Iarbhunscoil Eoin.

PÍOSA A DÓ

1. Cén spás codlata atá sa teach saoire?

2. Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an áit ina bhfuil an teach saoire suite.

PÍOSA A TRÍ

1. Cá mbeidh Jimmy Crowley ag canadh tráthnóna Dé hAoine?

2. Luaigh pointe **amháin** eolais faoi na ticéid.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán